Aibreán 2016/QG2-V2 © QQI

Earnáil-shonrach

# Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta

## arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ar son Soláthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha a thagann chuig QQI ar Bhonn Deonach

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# TREOIRLÍNTE REACHTÚLA EARNÁIL-SHONRACHA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

## TREOIRLÍNTE REACHTÚLA EARNÁIL-SHONRACHA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA ARNA GCUR I DTOLL A CHÉILE AG QQI AR SON SOLÁTHRAITHE NEAMHSPLEÁCHA/ PRÍOBHAIDEACHA A THAGANN CHUIG QQI AR BHONN DEONACH

1 Réamhrá....2

1.1 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo? ....2

1.2 Cé lena mbaineann siad?....2

2 Raon Feidhme Gnásanna um Dhearbhú Cáilíochta....3

3 Rialachas agus bainistíocht ....4

4 Cláir oideachais agus oiliúna ....5

5 Earcú, bainistíocht agus forás foirne ....6

6 Measúnú ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí ....6

7 Gealltanais Eorpacha....7

8 Deimhniú ....7

9 Páirtithe eile atá bainteach le hoideachas agus oiliúint....8

1.1 Aguisín A....10

Cur chuige doiciméadaithe i leith gnásanna dearbaithe cáilíochta

# 1 RÉAMHRÁ

Forlíonann na treoirlínte reachtúla, earnáil-shonracha, dearbhaithe cáilíochta (DC) seo do sholáthraithe neamhspleácha, príobháideacha na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta atá infheidhme maidir le gach soláthraí. Cé go soláthraíonn na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta an chuid is mó den treoir um dhearbhú cáilíochta a theastaíonn, cuireann na treoirlínte earnáil-shonracha seo leis na croí-threoirlínte trí dhíriú ar riachtanais níos sonraí na soláthraithe neamhspléacha, príobháideacha.

Ba cheart do soláthraithe neamhspléacha, príobháideacha féachaint do na treoirlínte earnáil-shonracha dearbhaithe cáilíochta atá ag QQI, de réir mar is cuí.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Díríonn na treoirlínte DC reachtúla, earnáil-shonracha seo ar na freagrachtaí atá ar sholáthraithe neamhspleácha príobháideacha ardoideachais, breisoideachais agus oiliúna agus mhúineadh an Bgéarla (dá ngairtear soláthraithe deonacha anseo feasta)1 i gcomhthéacs rochtain a fháil ar fheidhmeanna reachtúla agus rialála QQI. Leagtar síos sna treoirlínte seo treoirlínte breise reachtúla maidir le dearbhú cáilíochta

(DC) a bhaineann go sonrach le soláthraithe deonacha a thagann chuig QQI ar bhonn deonach chun críche:

- Rochtain a fháil ar bhailíochtú clár; agus
- Údarú a fháil chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid.

Níl aon chiall le ceadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta ach amháin i gcás clár/cláir bhailíochtaithe as a leanann dámhachtainí QQI agus/nó údarú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid. Níl aon seasamh ann féin ag ceadú gnásanna um DC; ní thugann sé aon stádas do sholáthraí.

## 1.2 CÉ LENA MBAINEANN SIAD?

Baineann na treoirlínte seo le soláthraithe neamhspleácha príobháideacha ardoideachais, breisoideachais agus oiliúna agus mhúineadh an Bhéarla a fhéachann le ceadú a fháil ar bhonn deonach ó QQI dá ngnásanna dearbhaithe cáilíochta.

# 2 RAON FEIDHME NA NGNÁSANNA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Baineann ceadú QQI do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe deonacha leis na cláir sin as a leanann dámhachtainí QQI agus seirbhísí gaolmhara. Baineann sé leis an rialachas Foriomlán agus le struchtúir bhainistíochta atá i bhfeidhm ag an soláthraí chun tacú le seachadadh na gclár sin. Bíonn raon feidhme na ngnásanna DC atá le bunú ag na soláthraithe deonachas nasctha, de ghnáth, le comhthéacs, spriocanna foriomlána agus raon feidhm sholáthar an tsolathraí agus faoina anáil.  Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh:

- Na leibhéil agus na cineálacha dámhachtana sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) as a leanann an clár a bhfuil bailíochtú aQQI á lorg dó
- Réimse foghlama agus / nó fearann gairmiúil an chláir
- Na módúlachtaí teagaisc agus foghlama

Beidh gá le gnásanna breise DC más mian le soláthraí deonacha raon feidhme a dhearbhú cáilíochta ceadaithe a athrú (féach roinn 4 thíos)

# 3 RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

I gcás ina bhfuil scála an tsoláthraí oiriúnach chun tacú le coistí inmheánacha, cuirtear socruithe eile i bhfeidhm chun maoirseacht oibiachtúil a chinntiú, amhail saineolaithe seachtracha le taithí a úsáid. Cinnteoidh soláthraithe deonacha go bhfuil cinnteoireacht acadúil (ábhair a bhaineann le hoideachas agus oiliúint) neamhspleách ar chúinsí tráchtála nó ar thionchar míchuí úinéirí gnó.

Ní mór struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta oiriúnach don fheidhm a bheith mar thaca ag gnásanna DC na soláthraithe deonacha. Ní mór gnásanna DC a bheith ag soláthraí deonacha, gnásanna trínar féidir:

- A stádas mar eiintiteas dlíthiúil seanbhunaithe a choimeád, arb ionann sin agus duine dlítheanach atá sainaitheanta go soiléir, a bhfuil cearta agus freagrachtaí faoin dí air
- Bonn acmhainní a thacú agus a bhainistiú a bheidh dóthanach chun tacú go hinbhuanaithe leis an gcóras DC agus le cláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara.
- Riosca a bhainistiú
- A chinntiú go bhfuil sé cobhsaí agus i riocht maith airgeadais, agus cás réasúnta gnó aige le haghaidh soláthar inbhuanaithe
- Léiriú a thabhairt ar an tslí a gcloíonn sé le rialacháin agus reachtaíocht infheidhmithe i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn sé; a dhea-cháil ghinearálta sna córais cáilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna in aon dlínsí ina bhfeidhmíonn sé (nó ina bhfeidhmíonn a mháthair-chuideachtaí nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le forais cháiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cáilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, forais ghairmiúla agus rialtóirí
- Spleáchais, socruithe comhoibrithe, oibleagáidí, máthair-eagraíochtaí, agus fochuideachtaí agus oibleagáidí geallsealbhóirí eile a mbíonn tionchar acu ar acmhainn an tsoláthraí a shainaithint.
- An fhaisnéis riachtanach a sholáthar do QQI.
- A chinntiú nuair a laghdaítear a acmhainn ar bhealach ar bith (mar shampla laghduithe ar fhoireann, acmhainní, gnéithe eile oideachais agus oiliúna; an cumas seasamh le coinníollacha agus caighdeáin bhailíochtaithe nó aon ábhar suntasach eile) go gcuirfear QQI ar an eolas.

Tá tuilleadh sonraí ar chuid de na príomhréimsí ar cheart díriú orthu i gcáipéisíocht dearbhaithe cáilíochta leagtha amach in Aguisín A – d'fhéadfadh réimsí breise a bheith i gceist le soláthraithe éagsúla. Tá an próiseas trína bhfaigheann soláthraí creidiúnú ó QQI do chlár den chéad uair leagtha amach i mBeartas agus i gCritéir QQI maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíocht Tosaigh do Chláir as a leanann Dámhachtainí QQI.

# 4 CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Beidh gnásanna um dhearbhú cáilíochta i bhfeidhm ag soláthraithe deonacha ar mhaithe le:

- Na socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint a bhunú agus a bhainistiú chun na hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh atá leagtha amach in Cosaint Foghlaimeoirí Rollaithe: Prótacail chun Cuid 6 d'Acht 2012 a Chur Chun Feidhme

- Socruithe maidir le rochtain, aistriú agus forchéímniú a bheith i bhfeidhm a shásódh critéir QQI lena gceadú

- Tacú le dearadh, forbairt, ceadú agus próiseas seachadta na gclár mar atá leagtha amach i gCroíbheartas Bailíochtaithe agus i gCritéir Cáilíochta QQI do chláir oideachais agus oiliúna

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus socrú a dhéanamh d'athbhailíochtú na gclár leanúnacha, gach 5 bliana de ghnáth nó i gcomhréir le héag na tréimhse bailíochtaithe

Beidh gá le gnásanna breise DC más mian le soláthraí deonach raon feidhme a dhearbhú cáilíochta ceadaithe a athrú. I measc na samplaí ina bhféadfadh gnásanna QA a bheith de dhíth i gcás athruithe suntasacha tá:

- I gcás ina mbogann soláthar beartaithe cláir go leibhéal difriúil sa CNC nó ó réimse foghlama amháin (ISCED) go ceann eile

- Tá soláthraí breisoideachais agus oiliúna ag beartú clár a fhorbairt as a leanfaidh bailíochtú lasmuigh de Chomhchóras na nDámhachtainí (CAS).

# 5 EARCÚ, BAINISTÍOCHT AGUS FORÁS FOIRNE

Forbrófar gnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí maidir le hearcú, bainistiú agus forbairt foirne i gcomhthéacs raon feidhme **gach** gníomhaíochta oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhar arna soláthar ag an soláthraí. Áirítear leis seo na gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna sin as a leanann dámhachtainí foras cáiliúcháin seachas QQI, amhail forais ghairmiúla agus soláthraithe áitiúla, ionas go gcuirfidh an soláthraí oibleagáidí foriomlána na foirne san áireamh.

# 6 MEASÚNÚ AR GHNÓTHACHTÁIL FOGHLAIMEOIRÍ

Beidh gnásanna, struchtúir agus acmhainní DC ag soláthraithe chun tacú le measúnú cothrom comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí trína gcomhlíontar prótacail bheartais, coinbhinsiúin agus treoirlínte QQI ar mheasúnú. Baineann siad sin le:

- Measúnú agus Caighdeáin (Athcheartaithe 2013)
- Treoirlínte measúnaithe CAS
- Protacail agus coinbhinsiúin measúnachta (beartaithe 2016)

# 7 GEALLTANAIS EORPACHA

Tá na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), Bealtaine 2015, mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo. Ní mór féachaint do na nithe seo a leanas i ngnásanna dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe deonacha ardoideachais agus oiliúna:

- Aon chaighdeáin, treoirlínte, treoracha nó beartais Eorpacha a ghlactar go náisiúnta
- *Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta na gClár Comhpháirteach*, Deireadh Fómhair 2014 (arna cheadú ag airí an EHEA i mBealtaine 2015), de réir mar is cuí (de bhreis ar Bheartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Dámhachtainí Comhpháirteacha [Athbhreithnithe 2012]).

Caithfear, i ngnásanna dearbhaithe cáilíochta Sholáthraithe Deonacha Ardoideachais agus Oiliúna, féachaint don Chreat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta (Creat Tagartha).

# 8 DEIMHNIÚ

Ní mór do sholáthraithe deonacha gnásanna um dhearbhú cáilíochta a bhunú chun tacú le bainistiú agus sláine sonraí torthaí foghlaimeoirí ar bonn iad le dámhachtainí QQI a dhéanamh agus a dheimhniú. Ní mór gnásanna a bheith ag soláthraithe deonacha freisin chun taifid a choinneáil ina leith seo.

# 9 PÁIRTITHE EILE ATÁ BAINTEACH LE hOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Tagraítear sa chuid seo do pháirtithe eile a bhfuil socrú ag soláthraí deonach leo. Ba cheart go bhféachfaí sna gnásanna um dhearbhú cáilíochta arna mbunú ag soláthraithe deonacha maidir le comhoibriú le soláthraithe nó páirtithe eile don tsraith fhoriomlán soláthair oideachais agus oiliúna a thairgeann na comhpháirtithe nó na soláthraithe eile sin agus aon pháirtithe eile a bhfuil socrú ag an soláthraí deonach leo.

I gcás ina n-eagraíonn soláthraí deonach nó ina gcuireann sé ar fáil clár a sholáthraíonn soláthraí eile go hiomlán nó go páirteach, ní mór don soláthraí deonach gnásanna DC cuí a bhunú agus a chomhaontú leis an soláthraí sin.

Tagraíonn an chuid seo do dhearbhú cáilíochta i gcás comhoibriú le soláthraithe eile. Ní mór gnásanna a bheith ag soláthraithe deonacha chun socruithe comhoibrithe le soláthraithe eile a cheadú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe sin. Ba cheart do sholáthraithe díchill chuí a chur i bhfeidhm agus a bheith feasach ar aon riosca dá ndea-cháil féin agus do dhea-cháil na hearnála agus/nó an chórais náisiúnta cáilíochtaí a ghabhann le soláthraithe ionchasacha ar leith, forais cháiliúcháin agus tríú páirtithe eile a bhfuil siad ag smaoineamh ar shocruithe comhoibrithe a dhéanamh leo.

> Ní mór do na socruithe dearbhaithe cáilíochta seo maidir le haon soláthar comhoibríoch cloí leis na ceanglais dearbhaithe cáilíochta atá mar bhonn agus taca le Beartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Soláthar Trasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí 2012.

Seo a leanas achoimre ar na réimsí táscacha ar cheart do sholáthraithe deonacha iad a chur san áireamh sula gcinnfidh siad ar cheart socrú comhoibríoch a dhéanamh le soláthraí eile:

**1) Ceanglais dlí, clú agus comhlíontachta**

- An eintiteas dlíthiúil é an soláthraí, a bhfuil oideachas agus oiliúint mar phríomhfheidhm aige?- An duine dlítheanach atá sainaitheanta go soiléir é an t-eintíteas dlíthiúil, a bhfuil cearta agus freagrachtaí dlí air?
- An bhfuil a spleáchais, a shocruithe comhoibríocha, a oibleagáidí, a mháthair-eagraíochtaí agus a fhochuideachtaí sonraithe go soiléir ag an soláthraí?
- An bhfuil aon chaidreamh agus comhpháirtíochtaí tríú páirtí dearbhaithe ag an soláthraí?
- An gcomhlíonann an soláthraí rialacháin agus reachtaíocht infheidhme i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn sé?
- An bhfuil dea-cháil ar an soláthraí sna córais cáilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna in aon dlínsí ina bhfeidhmíonn sé (nó ina bhfeidhmíonn a mháthair-chuideachtaí nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le forais cháiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cháilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, forais ghairmiúla agus rialtóirí?

**2) Ceanglais acmhainní, rialachais agus struchtúracha**

- An bhfuil an soláthraí cobhsaí agus i riocht maith airgeadais?
- An bhfuil cás gnó réasúnta ag an soláthraí maidir le soláthar inbhuanaithe?
- An bhfuil struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta atá oiriúnach don fheidhm ag an soláthraí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don soláthraí deonach?
- An bhfuil an cumas ag an soláthraí oideachas agus oiliúint a sheachadadh arna léiriú ó thaithí agus ó chuntas teiste ó thaobh cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar?
- An bhfuil acmhainní dóthanacha chomh maith le córais dearbhaithe cáilíochta chorparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha i bhfeidhm ag an soláthraí, chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar ar shlí inbhuanaithe?

**3) Ceanglais acmhainní, rialachais agus struchtúracha**

- An bhfuil an soláthraí cobhsaí agus i riocht maith airgeadais?
- An bhfuil cás gnó réasúnta ag an soláthraí maidir le soláthar inbhuanaithe?
- An bhfuil struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta atá oiriúnach don fheidhm ag an soláthraí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don soláthraí deonacha?
- An bhfuil an cumas ag an soláthraí oideachas agus oiliúint a sheachadadh arna léiriú ó thaithí agus ó chuntas teiste ó thaobh cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar?
- An bhfuil acmhainní dóthanacha chomh maith le córais dearbhaithe cáilíochta chorparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha i bhfeidhm ag an soláthraí, chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar ar shlí inbhuanaithe?

**4) Riachtanais ó thaobh cláir a fhorbairt agus a sholáthar**

- An bhfuil líon foirne oideachais agus oiliúna ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm agus cobhsaí?
- An bhfuil áitreabh, saoráidí agus acmhainní ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm?
- An bhfuil struchtúir agus acmhainní ag an soláthraí chun bheith mar bhonn taca le measúnú cothrom comhsheasmhach ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint?

Féachfar ar chomhoibriú maidir le soláthar mar chuid de phróiseas bailíochtaithe clár QQI do chláir as a leanann dámhachtainí QQI.

# AGUISÍN A: CUR CHUIGE DOICIMÉADAITHE I LEITH GNÁSANNA DEARBAITHE CÁILÍOCHTA

Léiríonn an tábla thíos cuid de na príomhréimsí ar cheart díriú orthu sa doiciméadú um dhearbhú cáilíochta agus roinnt fo-réimsí samplacha. Sna réimsí seo go léir ba chóir go mbeadh sé mar aidhm machnamh, breathnú, pleanáil agus gníomhú a dhéanamh, agus ansin an timthriall céanna a athdhéanamh.

## TÁBLA 1: RÉIMSÍ AR CHÓIR DÍRIÚ ORTHU I GCÁIPÉISÍOCHT DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

| Réimsí atá le clúdach i mbeartais agus i ngnásanna um dhearbhú cáilíochta | Fo-réimsí samplacha atá le clúdach i mbeartais agus i ngnásanna um dhearbhú cáilíochta |
|---|---|
| Rialachas | • misean; beartas agus pleanáil; struchtúr eagraíochtúil; gaolmhaireachtaí agus socruithe comhoibrithe; rialachas corparáideach; prionsabail bhainistíochta agus cuntasacht |
| Riarachán | • pleanáil agus pleanáil straitéiseach;<br>• acmhainní agus forbairt airgeadais;<br>• acmhainní daonna, lena n-áirítear bainistiú agus forbairt feidhmíochta a chomhordú;<br>• saoráidí agus trealamh;<br>• acmhainní leabharlainne agus faisnéise;<br>• bainistíocht taifead agus cosaint sonraí;<br>• córais faisnéise bainisteoirí/mic léinn<br>• inrochtaineacht;<br>• tacaíochtaí agus seirbhísí ginearálta d'fhoghlaimeoirí<br>• bainistíocht na comhlíontachta reachtaigh agus rialála;<br>• cumarsáid agus comhar le lucht tionscail agus an tseirbhís phoiblí;<br>• cumarsáid agus comhar leis an tsochaí;<br>• nuáil agus seirbhísí aistrithe faisnéise |
| Faisnéis agus Cumarsáid | • taisclann beartas agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta;<br>• Taisclann rialachán agus cód cleachtais;<br>• faisnéis maidir le DC ar an suíomh gréasáin;<br>• TFC i gcomhthéacs soláthar clár [m.sh. Moodle, VLE] |

| | |
|---|---|
| Taighde Institiúideach | • Tacú le hathbhreithniú institiúideach; tacú le dearbhú cáilíochta' agus<br>• tacú le forbairt agus pleanáil beartais |
| Bainistíocht Acadúil | • pleanáil straitéiseach;<br>• faisnéis do mhic léinn (agus do mhic léinn ionchasacha);<br>• forbairt clár a chomhordú;<br>• próisis ceadaithe clár a chomhordú;<br>• Measúnacht agus caighdeáin a bhainistiú;<br>• próisis bailíochtaithe a bhainistiú;<br>• próisis athbhailíochtaithe clár a bhainistiú (athbhreithniú clár roimhe seo);<br>• taifid foghlaimeoirí a choimeád agus a chur i gcartlann (lena n-áirítear sonraí dámhachtainí agus dioplómaí/forlíonadh deimhnithe);<br>• scrúdóireacht sheachtrach |
| Soláthar teagaisc agus taighde, lena n-áirítear caighdeáin soláthar comhoibríoch agus | • trasnáisiúnta;<br>• faomhadh, monatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil ar chláir agus ar dhámhachtainí;<br>• measúnú ar dhaltaí;<br>• meastóireacht ó mhic léinn;<br>• tagarmharcáil (comparáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta);<br>• dearbhú cáilíochta na foirne teagaisc;<br>• acmhainní agus tacaíocht foghlama;<br>• córais faisnéise;<br>• taighde institiúideach (anailís ar fhaisnéis chun críocha DC);<br>• faisnéis phoiblí;<br>• tacaíocht teagaisc agus foghlama;<br>• scrúdóireacht sheachtrach |
| Réimsí breise mar atá sonraithe sna Croí-Treoirlínte DC, Treoirlínte DC Topaic-Shonracha mar is cuí nó sna Treoirlínte Earnáil-Shonracha seo do Sholáthraithe Neamhspleácha/ Príobháideacha | • tá fo-réimsí anseo ag brath ar chineál, comhthéacs agus soláthar an tsoláthraí aonair |